2023/2431

30.10.2023

RIALACHÁN (AE) 2023/2431 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Deireadh Fómhair 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht tacar agus seirbhísí sonraí spásúla

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ([2]) ón gCoimisiún na ceanglais maidir le socruithe teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht tacair sonraí spásúla, lena n-áirítear sainmhíniú ar liostaí cód agus ar na luachanna comhfhreagracha ceadaithe atá le húsáid le haghaidh aitreabúidí agus róil chomhlachais na gcineálacha oibiachtaí spásúla agus na gcineálacha sonraí.

(2) Sna conclúidí ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2007/2/CE ([3]), cuireadh imní in iúl faoi chastacht agus indéantacht chur chun feidhme na bhforálacha maidir le hidir-inoibritheacht tacar agus seirbhísí sonraí spásúla. Mar thoradh air sin, rinneadh athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 agus rinneadh roinnt babhtaí comhairliúcháin le saineolaithe, inar cinneadh go raibh roinnt simplithe agus soiléirithe de dhíth chun an cur chun feidhme a éascú. Leis an ngníomh leasaitheach seo, ba cheart na hathruithe teicniúla agus simplithe a shainaithin, a phléigh agus a chomhaontaigh an Coiste a bunaíodh faoi Airteagal 22 de Threoir 2007/2/CE a chur chun feidhme. Ba cheart an cur chun feidhme a éascú agus an t-ualach riaracháin a bhaineann leis a laghdú gan an sochar a bhaineann le caighdeánú agus idir-inoibritheacht a chailleadh.

(3) Ba cheart Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 a leasú chun a shoiléiriú nach gá aon luach le haghaidh aitreabúidí a sholáthar murab ann dóibh go hiarbhír. Déantar leis sin an coincheap de 'voidability' (in-neamhnitheacht) a shoiléiriú a thuilleadh agus míthuiscintí a sheachaint.

(4) Simpliú mór amháin is ea deireadh a chur le gach luach liosta cód agus gach luach áirimh de Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí na luachanna sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn níos rialta i gcomhréir leis an dul chun cinn teicniúil agus teicneolaíoch. Thairis sin, ba cheart ailíniú a thabhairt isteach maidir leis na liostaí cód arna mbunú i gcomhthéacs reachtaíocht eile de chuid an Aontais nó liostaí cód arna mbunú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ba cheart Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 a mhodhnú chun tagairt a dhéanamh do chlárlann atá le hoibriú ag seirbhísí an Choimisiúin (an tAirmheán Comhpháirteach Taighde) le cúnamh ón sainghrúpa atá ann cheana, mar an áit ina ndéantar luachanna liostaí cód a bhainistiú. Ós rud é go dtagann athrú ar réimsí téarmeolaíochta le himeacht ama, d'fhágfadh an t-athrú sin go mbeadh an próiseas chun athruithe ar liostaí cód agus a luachanna a bhainistiú níos solúbtha agus níos tapúla.

(5) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010, pointe 1.3.4. Ba cheart 'Córais Tagartha Chomhordanáide Eile' a leasú chun Córais Tagartha Chomhordanáide bhreise (CRS) a cheadú. Laghdódh an fhoráil sin an t-ualach cur chun feidhme, mar shampla dá gcuirfeadh na Ballstáit a CRS náisiúnta le liosta tacaithe CRS, ní bheadh orthu sonraí a chruthú agus a chothabháil a thuilleadh ina CRS náisiúnta agus in CRS a cheanglaítear le Treoir 2007/2/CE. Chun an t-ualach cur chun feidhme agus cothabhála a laghdú a thuilleadh, ba cheart clár CRS lena n-áirítear na paraiméadair shainmhínithe agus chlaochlaithe lena mbaineann a bhunú agus ba cheart do sheirbhísí an Choimisiúin (an tAirmheán Comhpháirteach Taighde) an clár sin a oibriú le cúnamh ón sainghrúpa atá ann cheana.

([1]) IO L 108, 25.4.2007, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht tacar agus seirbhísí sonraí spásúla (IO L 323, 8.12.2010, lch. 11).

([3]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht a ghabhann leis an doiciméad Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme Threoir 2007/2/CE mhí an Mhárta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) de bhun Airteagal 23 (SWD/2016/0273 final).

(6) Ba cheart roinnt oiriúnuithe níos lú a thabhairt isteach in Iarscríbhinní I, II, III agus IV chun an éabhlóid theicneolaíoch agus eolaíoch a chur san áireamh agus chun comhleanúnachas na gceanglas maidir le sonraí spásúla le forbairtí i reachtaíocht théamach ghaolmhar a áirithiú. Is mó an gá atá le comhchuibhiú le Rialachán 166/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) lena mbunaítear an Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán agus Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha;

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear leis an Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Threoir 2007/2/CE,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas ionad mhír 5:

'5. ciallaíonn 'liosta cód' an cineál sonraí a bhfuil a áisc ina liosta de luachanna litriúla ainmnithe,';

(b) scriostar pointe 7;

(2) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Chun oibiachtaí spásúla ó na tacair sonraí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2007/2/CE a mhalartú agus a aicmiú, úsáidfidh na Ballstáit na cineálacha oibiachtaí spásúla, cineálacha sonraí gaolmhara agus na liostaí cód a shainmhínítear in Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh na dtéamaí lena mbaineann na tacair sonraí.

2. Agus oibiachtaí sonraí á malartú, comhlíonfaidh na Ballstáit na sainmhínithe agus na srianta a leagtar amach sna hIarscríbhinní agus cuirfidh siad luachanna ar fáil le haghaidh na n-aitreabúidí agus na ról comhlachais uile a leagtar amach maidir leis na cineálacha ábhartha oibiachtaí spásúla agus na cineálacha sonraí sna hIarscríbhinní. Maidir leis na n-aitreabúidí in-neamhnithe agus na róil chomhlachais nach ann do luach ina leith, féadfaidh na Ballstáit an luach a fhágáil ar lár.';

(b) scriostar mír 3;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'*Airteagal 6*

Liostaí cód le haghaidh Tacair Sonraí Spásúla

1. Sna liostaí cód a áirítear sa Rialachán seo leagtar amach na teasárais ilteangacha atá le húsáid le haghaidh na bpríomhaitreabúidí, i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (c), de Threoir 2007/2/CE.

2. Déanfaidh an Coimisiún clár liostaí cód INSPIRE a bhunú agus a oibriú ar leibhéal an Aontais chun na luachanna a áirítear sna liostaí cód dá dtagraítear i mír 1 a bhainistiú agus a chur ar fáil go poiblí.

3. Tabharfaidh grúpa saineolaithe INSPIRE an Choimisiúin cúnamh don Choimisiún chun luachanna na liostaí cód a chothabháil agus a nuashonrú.

4. Beidh na liostaí cód ar cheann de na cineálacha seo a leanas:

(a) liostaí cód nach gcuimsíonn a luachanna ach na luachanna a shonraítear i gclár liostaí cód INSPIRE;

([4]) IO L 33, 4.2.2006, lch. 1.
([5]) IO L 334, 17.12.2010, lch. 17.

(b) liostaí cód nach gcuimsíonn a luachanna ach na luachanna a shonraítear i gclár liostaí cód INSPIRE agus luachanna níos cúinge arna sainiú ag soláthraithe sonraí;

(c) liostaí cód nach gcuimsíonn a luachanna ach na luachanna a shonraítear i gclár liostaí cód INSPIRE agus luachanna breise ar aon leibhéal arna sainiú ag soláthraithe sonraí;

(d) liostaí cód a gcuimsíonn a luachanna aon luachanna arna sainiú ag soláthraithe sonraí.

5. Féadfaidh liostaí cód a bheith ordlathach. D'fhéadfadh máthairluach níos ginearálta a bheith ag luachanna liostaí cód ordlathacha.

6. I gcás ina soláthraíonn soláthraí sonraí luach nach sonraítear i gclár liosta cód INSPIRE le haghaidh aitreabúide, ar liosta cód é a chineál amhail dá dtagraítear i mír 4, pointí (b), (c) nó (d), cuirfear an luach sin agus an sainmhíniú agus an lipéad a ghabhann leis ar fáil i gclár eile.';

(4) in Airteagal 7, cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

'2a. I ngach riail ionchódaithe a úsáidtear chun sonraí spásúla a ionchódú, sonrófar ar cheart na haitreabúidí agus na róil chomhlachais a léiriú agus an chaoi leis sin a dhéanamh, aitreabúidí agus róil chomhlachais arb ann do luach comhfhreagrach ina leith ach nach bhfuil sna tacair sonraí a choinníonn Ballstát ar bun, nó luach nach féidir a dhíorthú ó luachanna atá ann cheana ar chostas réasúnta.';

(5) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(6) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(7) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(8) leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 1:

'1. CINEÁLACHA A SHAINMHÍNÍTEAR SNA CAIGHDEÁIN EORPACHA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

Is mar a leanas a shainmhínítear na cineálacha coitianta seo a leanas a úsáidtear in aitreabúidí nó i róil chomhlachais de chineálacha oibiachta spásúla nó de chineálacha sonraí:

(1) Maidir leis na cineálacha Any, Angle, Area, Boolean, CharacterString, Date, DateTime, Decimal, Distance, Integer, Length, Measure, Number, Probability, Real, RecordType, Sign, UnitOfMeasure, Velocity agus Volume, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in ISO/TS 19103:2005.

(2) Maidir leis na cineálacha DirectPosition, GM_Boundary, GM_Curve, GM_MultiCurve, GM_MultiSurface, GM_Object, GM_Point, GM_Position, GM_Primitive, GM_Solid, GM_Surface agus GM_Tin, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in EN ISO 19107:2005.

(3) Maidir leis na cineálacha TM_Duration, TM_GeometricPrimitive, TM_Instant, TM_Object, TM_Period agus TM_Position, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in EN ISO 19108:2005/AC:2008.

(4) Maidir leis an gcineál GF_PropertyType, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in EN ISO 19109:2006.

(5) Maidir leis na cineálacha CI_Citation, CI_Date, CI_RoleCode, EX_Extent, EX_VerticalExtent, MD_Distributor, MD_Resolution agus URL, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in EN ISO 19115:2005/AC:2008.

(6) Maidir leis an gcineál CV_Sequence Rule, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in EN ISO 19123:2007.

(7) Maidir leis an gcineál AbstractFeature, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in EN ISO 19136:2009.

(8) Maidir leis na cineálacha LocalisedCharacterString, PT_FreeText agus URI, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in CEN ISO/TS 19139:2009.

(9) Maidir leis an gcineál LC_LandCoverClassificationSystem, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in ISO 19144-2:2012.

(10) Maidir leis na cineálacha GFI_Feature, Location, NamedValue, OM_Observation, OM_Process, SamplingCoverageObservation, SF_SamplingCurve, SF_SamplingPoint, SF_SamplingSolid, SF_SamplingSurface agus SF_SpatialSamplingFeature, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in ISO 19156:2011.

(11) Maidir leis na cineálacha Category, Quantity, QuantityRange agus Time, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in Robin, Alexandre (ed.), *OGC® SWE Common Data Model Encoding Standard, version 2.0.0,* Open Geospatial Consortium, 2011.

(12) Maidir leis na cineálacha TimeValuePair agus Timeseries, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in Taylor, Peter (ed.), *OGC® WaterML 2.0: Part 1 – Timeseries, v2.0.0,* Open Geospatial Consortium, 2012.

(13) Maidir leis na cineálacha CGI_LinearOentation agus CGI_PlanarOriation, beidh feidhm ag na sainmhínithe a thugtar in CGI Interoperability Working Group, *Geoscience Markup Language (GeoSciML), version 3.0.0,* Commission for the Management and Application of Geoscience Information (CGI) of the International Union of Geological Sciences, 2011.';

(2) Scriostar Roinn 3;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 4:

'4. LIOSTAÍ NA gCÓD COITEANN

4.1. **Suíomh Ingearach (VerticalPositionValue)**

Suíomh ingearach coibhneasta na hoibiachta spásúla.

4.2. **Bail na Saoráide (ConditionOfFacilityValue)**

Stádas saoráide maidir lena críochnú agus lena húsáid.

4.3. **Cód Tíre (CountryCode)**

Cód tíre mar a shainmhínítear sa Treoir Stíle Idirinstitiúideach a d'fhoilsigh Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

4.4. **Leibhéal Reachtaíochta (LegislationLevelValue)**

An leibhéal ar glacadh gníomh nó coinbhinsiún dlí.

4.5. **Ról Páirtí (PartyRoleValue)**

Róil na bpáirtithe a bhaineann le hacmhainn nó atá freagrach as acmhainn.

Cuimsíonn na luachanna le haghaidh an liosta cód seo luachanna na liostaí cód seo a leanas, nó liostaí cód eile arna sonrú ag soláthraithe sonraí:

— Cód Róil (CI_RoleCode): Feidhmeanna a chuireann an páirtí freagrach i gcrích.

— Ról an Pháirtí Ghaolmhair (RelatedPartyRoleValue): Aicmiú róil na bpáirtithe gaolmhara.

4.6. **Ainmneacha Caighdeánacha Aeráide agus Réamhaisnéise (CFStandardNamesValue)**

Sainmhínithe ar fheiniméin a breathnaíodh sa mheitéareolaíocht agus san aigéaneolaíocht.

4.7. **Inscne (GenderValue)**

Inscne duine nó grúpa daoine.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 5.3:

'5.3. **Liostaí Cód**

5.3.1. *Cineál Ceangail (ConnectionTypeValue)*

Cineálacha na gceangal idir gréasáin éagsúla.

5.3.2. *Treo Naisc (LinkDirectionValue)*

Liosta luachanna le haghaidh treonna i gcoibhneas le nasc.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 7.2(3):

'7.2.3. *Liostaí Cód*

7.2.3.1. Ainm an Phróisis Paraiméadair (ProcessParameterNameValue)

Liosta cód d'ainmneacha próiseas paraiméadair.';

(6) i Roinn 7.3, cuirtear isteach na Ranna 7.3.1.8, 7.3.1.9 agus 7.3.1.10 seo a leanas:

'7.3.1.8 . Airí Inbhraite Teibí (AbstractObservableProperty)

Aicme theibí lena léirítear airí inbhraite (nó feiniméan).

Is cineál teibí é sin.

Aitreabúidí an chineáil sonraí AbstractObservableProperty

Aitreabúid	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
lipéad	Teideal atá inléite ag duine don mhaoin inbhraite.	CharacterString	

7.3.1.9. Airí Inbhraite Cumaisc (CompositeObservableProperty)

Cumasc Airíonna Inbhraite iomadúla.

Is fochineál de AbstractObservableProperty an cineál sin.

Aitreabúidí an chineáil sonraí CompositeObservableProperty

Aitreabúid	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
comhaireamh	Líon na gcomhpháirteanna sa chumasc sin.	Slánuimhir	

Róil chomhlachais an chineáil sonraí CompositeObservableProperty

Ról Comhlachais	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
comhpháirt	Airíonna inbhraite arb é atá iontu an t-airí inbhraite céanna, gaotha U, V, cuir i gcás.	AbstractObservableProperty	

7.3.1.10 . Airí Inbhraite (ObservableProperty)

Lena léirítear airí inbhraite aonair e.g. 'teocht'.

Is fochineál de AbstractObservableProperty an cineál sin.

Aitreabúidí an chineáil sonraí 'ObservableProperty'

Aitreabúid	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
basePhenomenon	An feiniméan a dtógann an tuairisc ar an Airí Inbhraite air	PhenomenonTypeValue	
uom	An t-aonad tomhais	UnitOfMeasure	

Róil chomhlachais an chineáil sonraí ObservableProperty

Ról Comhlachais	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
srian	Srian a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an Airí Inbhraite.	Cosc	
statisticalMeasure	Tomhas staidrimh a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an Airí Inbhraite, e.g. 'meánteocht laethúil'.	StatisticalMeasure'.	

(7) Scriostar Roinn 7.3.2;

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 7.3(3):

'7.3.3. Liostaí Cód

7.3.3.1 Cineál Feiniméin (PhenomenonTypeValue)

Liosta cód feiniméan (e.g. teocht, luas na gaoithe).

Cuimsítear leis an liosta cód sin luachanna na liostaí cód seo a leanas nó liostaí cód eile arna sainmhíniú ag soláthraithe sonraí:

— Ainmneacha Caighdeánacha Aeráide agus Réamhaisnéise (CFStandardNamesValue): Sainmhínithe ar fheiniméin a bhreathnaítear sa mheitéareolaíocht agus san aigéaneolaíocht, mar a shonraítear i Roinn 4.5 den Iarscríbhinn seo.

— Ainm Paraiméadair na hEiliminte Próifíle (ProfileElementParameterNameValue): Airíonna is féidir a bhreathnú chun an eilimint próifíle a rangú, mar a shonraítear i Roinn 3.3.8 d'Iarscríbhinn IV.

— Ainm na hOibiachta Paraiméadair Díorthaithe ó Ithir (SoilDerivedObjectParameterNameValue): Airíonna a bhaineann le hithir is féidir a dhíorthú ó ithir nó ó shonraí eile, mar a shonraítear i Roinn 3.3.9 d'Iarscríbhinn IV.

— Ainm Paraiméadair na Próifíle Ithreach (SoilProfileParameterNameValue): Airíonna is féidir a bhreathnú chun próifíl na hithreach a rangú, mar a shonraítear i Roinn 3.3.12 d'Iarscríbhinn IV.

— Ainm Paraiméadair an tSuímh Ithreach (SoilSiteParameterNameValue): Airíonna is féidir a bhreathnú chun suíomh na hithreach a rangú, mar a shonraítear i Roinn 3.3.13 d'Iarscríbhinn IV.

— Comhpháirt Tagartha an Aontais maidir le Cáilíocht an Aeir (EU_AirQualityReferenceComponentValue): Sainmhínithe ar fheiniméin maidir le cáilíocht an aeir i gcomhthéacs an tuairiscithe faoi reachtaíocht an Aontais, mar a shonraítear i Roinn 13.2.1.1 d'Iarscríbhinn IV.

— Cód agus Bratacha WMO GRIB Tábla 4.2 (GRIB_CodeTable4_2Luach): Sainmhínithe ar fheiniméin a bhreathnaítear sa mheitéareolaíocht, mar a shonraítear i Roinn 13.2.1.2 d'Iarscríbhinn IV.

— Úsáid Pharaiméadair BODC P01 (BODC_P01ParameterUsageValue): Sainmhínithe ar fheiniméin a bhreathnaítear san aigéaneolaíocht, mar a shonraítear i Roinn 14.2.1.1 d'Iarscríbhinn IV.

7.3.3.2. Cineál Feidhme Staidrimh (StatisticalFunctionTypeValue)

Liosta cód d'fheidhmeanna staidrimh (e.g. uasmhéid, íosmhéid, meán).

7.3.3.3 Oibreoir Comparáide (ComparisonOibreoirValue)

Liosta cód d'oibreoirí comparáide (e.g. níos mó ná, níos lú ná, cothrom le).';

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 1.3(4):

'1.3.4. *Córais Tagartha Chomhordanáide Eile*

I gcás ina bhféadfar córais tagartha chomhordanáide eile seachas na cinn a liostaítear in 1.3.1, 1.3.2 nó 1.3.3 a úsáid, is iad seo a leanas na heisceachtaí:

1. Féadfar córais tagartha chomhordanáide eile a shonrú le haghaidh téamaí sonracha sonraí spásúla.
2. I gcás réigiún lasmuigh de mhór-roinn na hEorpa, féadfaidh na Ballstáit córais tagartha chomhordanáide oiriúnacha a shainiú.

Déanfar doiciméadú ar na cóid gheodasacha agus na paraiméadair is gá chun tuairisc a thabhairt ar na córais tagartha chomhordanáide eile sin agus chun oibríochtaí tiontaithe agus claochlaithe a cheadú agus cruthófar aitheantóir i gclár comhordaithe córas arna bhunú agus arna oibriú ag an gCoimisiún, de réir EN ISO 19111 agus ISO 19127.

Tabharfaidh grúpa saineolaithe INSPIRE an Choimisiúin cúnamh don Choimisiún chun clár na gcóras comhordaitheach a chothabháil agus a nuashonrú.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 3.3:

'3.3 **Liostaí Cód**

3.3.1. *Inscne ghramadaí (GrammaticalGenderValue)*

An inscne ghramadaí a bhaineann le hainm geografach.

3.3.2. *Uimhir ghramadaí (GrammaticalNumberValue)*

An uimhir ghramadaí a bhaineann le hainm geografach.

3.3.3. *Stádas Ainm (NameStatusValue)*

Stádas an ainm gheografaigh, is é sin an fhaisnéis lenar féidir an creidmheas is ceart a thabhairt don ainm a aithint i leith a chaighdeánaithe agus/nó a thopaice.

3.3.4. *Cineál na hÁite Ainmnithe (NamedPlaceTypeValue)*

Cineál na háite ainmnithe.

3.3.5. *Dúchasacht (NativenessValue)*

An dúchas a bhaineann le hainm geografach.';

(3) Scriostar Roinn 4.2.3;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 4.2(4):

'4.2.4. *Liostaí Cód*

4.2.4.1 Leibhéal Ordlathais Riaracháin (AdministrativeHierarchyLevel)

Leibhéil riaracháin san ordlathas náisiúnta riaracháin. Léirítear leis an liosta cód sin an leibhéal i bpirimid ordlathach na struchtúr riaracháin atá bunaithe ar chomhiomlánú geoiméadrach críoch agus ní gá go dtugtar tuairisc ann ar an bhfo-ordú idir na húdaráis riaracháin ghaolmhara.

4.2.4.2. Stádas Dlíthiúil (LegalStatusValue)

Tuairisc ar stádas dlíthiúil na dteorainneacha riaracháin.

4.2.4.3. Stádas Teicniúil (TechnicalStatusValue)

Tuairisc ar stádas teicniúil na dteorainneacha riaracháin.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 4.3(3):

'4.3.3. *Liostaí Cód*

4.3.3.1. Cineál na Deighleoige Bonnlíne (BaselineSegmentTypeValue)

Na cineálacha bonnlínte a úsáidtear chun leithead na farraige teorann a thomhas.

4.3.3.2. Cineál an Limistéir Mhuirí (MaritimeZoneTypeValue)

Cineál an limistéir mhuirí.';

(6) i Roinn 5.2.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara tábla:

'Ról Comhlachais	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
foirgneamh	Foirgneamh a bhfuil an seoladh sannta dó nó atá bainteach leis.	Tógáil Phacáiste na mBonn Foirgneamh	voidable
comhpháirt	Lena léirítear go bhfuil an chomhpháirt seolta páirteach mar chuid den seoladh.	AddressComponent	
beartán	Fearann cadastrach a bhfuil an seoladh sin sannta dó nó atá bainteach leis.	CadastralParcel	voidable
parentAddress	Príomhsheoladh (máthairsheoladh) a bhfuil dlúthcheangal aige leis an seoladh (fosheoladh) sin	Seoladh	Voidable';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 5.4:

'5.4. **Liostaí Cód**

5.4.1. *Modh Geoiméadrachta (MethodMethodValue)*

Tuairisc ar an gcaoi inar cruthaíodh nó lenar díorthaíodh suíomh geografach an tseolta sin agus cé a rinne é a chruthú nó a dhíorthú.

5.4.2. *Sonraíocht Gheoiméadrachta (GeometrySpecificationValue)*

Faisnéis lena sainítear an tsonraíocht a úsáidtear chun suíomh geografach an tseolta sin a chruthú nó a dhíorthú.

5.4.3. *Cineál an tSainitheora Aimsiúcháin (LocatorDesignatorTypeValue)*

Tuairisc ar shéimeantaic an tsainitheora aimsiúcháin.

5.4.4. *Leibhéal Aimsiúcháin (LocatorLevelValue)*

An leibhéal dá dtagraíonn an t-aimsitheoir.

5.4.5. *Cineál an Ainm Aimsiúcháin (LocatorNameTypeValue)*

Tuairisc ar shéimeantaic an ainm aimsiúcháin.

5.4.6. *Cineál Coda (PartTypeValue)*

Aicmiú ar an gcuid den ainm de réir a shéimeantaic in ainm iomlán an mhórbhealaigh.

5.4.7. *Stádas (StatusValue)*

Bailíocht reatha an fhíorseolta nó chomhpháirt an tseolta.';

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 6.2:

'6.2. **Liostaí Cód**

6.2.1. *Leibhéal an Chreasa Chadastraigh (CadastralZoningLevelValue)*

Leibhéil ordlathais na gcriosanna cadastracha.';

(9) Scriostar Roinn 7.3.2;

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 7.3(3):

‘7.3.3. *Liostaí Cód*

7.3.3.1. Srian ar Rochtain (AccessRestrictionValue)

Cineálacha srianta ar rochtain le haghaidh gné iompair.

7.3.3.2. Cineál Sriain (RestrictionTypeValue)

Srianta féideartha ar fheithiclí is féidir rochtain a bheith acu ar ghné iompair.

7.3.3.3. Cineál Iompair (TransportTypeValue)

Cineálacha féideartha gréasán iompair.’;

(11) i Roinn 7.4.1.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara tábla: ‘

‘Ról Comhlachais	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
controlTowers	An tacar túr rialaithe ar le haeradróm (aerfort/héileaport) iad.	Tógáil Phacáiste na mBonn Foirgneamh	voidable‘;

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 7.4(2):

‘7.4.2. *Liostaí Cód*

7.4.2.1. Catagóir Aeradróim (AerodromeCategoryValue)

Catagóirí Féideartha Aeradróim lena mbaineann raon feidhme agus tábhacht na seirbhísí aerthráchta a thairgtear uaidh agus chuige.

7.4.2.2. Cineál Aeradróim (AerodromeTypeValue)

Cód lena sonraítear an Aeradróm nó Héileaport é tarlú eintitis ar leith.

7.4.2.3. Aicme Nasc an Aerbhealaigh (AirRouteLinkClassValue)

Cineál an Bhealaigh ó thaobh na loingseoireachta de.

7.4.2.4. Cineál an Aerbhealaigh (AirRouteTypeValue)

An t-aicmiú bealaí mar bhealach ATS nó Rianta an Atlantaigh Thuaidh.

7.4.2.5. Srian ar Úsáid Aeir (AirUseRestrictionValue)

Na srianta úsáide le haghaidh oibiacht ghréasáin aeir.

7.4.2.6. Cineál an Limistéir Aerspáis (AirspaceAreaTypeValue)

Cineálacha aitheanta Aerspáis.

7.4.2.7. Cineál Navaid (NavaidTypeValue)

Cineálacha Seirbhísí Navaid.

7.4.2.8. Ról Pointe (PointRoleValue)

Ról Phointe Lárlíne an Rúidbhealaigh.

7.4.2.9. Cineál an Rúidbhealaigh (RunwayTypeValue)

Cód a dhéanann idirdhealú idir rúidbhealaí le haghaidh eitleán agus FATO le haghaidh héileacaptar.

7.4.2.10. Comhdhéanamh Dromchla (SurfaceCompositionValue)

Cód lena léirítear comhdhéanamh dromchla.’;

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 7.5(2):

‘7.5.2. *Liostaí Cód*

7.5.2.1. Cineál Cábla-bhealaigh (CablewayTypeValue)
Na cineálacha féideartha iompair chábla-bhealaigh.';

(14) i Roinn 7.6.1.7, scriostar an tábla '**Aitreabúidí a bhaineann le cineál na hoibiachta spásúla RailwayLink**;

(15) Scriostar Roinn 7.6.2;

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 7.6(3):

'7.6.3. *Liostaí Cód*

7.6.3.1. Foirm an Nóid Iarnróid (FormOfRailwayNodeValue)
Na feidhmeanna a d'fhéadfadh a bheith ag nód iarnróid laistigh den ghréasán iarnróid.

7.6.3.2. Cineál Iarnróid (RailwayTypeValue)
Na cineálacha féideartha iompair iarnróid.

7.6.3.3. Úsáid Iarnróid (RailwayUseValue)
Na húsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as iarnróid.

7.6.3.4. Íosuimhir nó Uasuimhir Riain (MinMaxTrackValue)
Luachanna chun a chur in iúl an gcomhairtear líon na rianta mar an t-uaslíon, an t-íoslíon nó an meánlíon.

7.6.3.5. Catagóir an Leithid Rianta (TrackGaugeCategoryValue)
Na catagóirí féideartha iarnróid a bhaineann lena leithead rianta ainmniúil.';

(17) Scriostar Roinn 7.7.2;

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 7.7(3):

'7.7.3. *Liostaí Cód*

7.7.3.1. Bail Limistéir (AreaConditionValue)
Srian ar an luasteorann ag brath ar an limistéar.

7.7.3.2. Foirm an Nóid Bhóthair (FormOfRoadNodeValue)
Feidhmeanna nód bóthair.

7.7.3.3. Foirm an Bhealaigh (FormOfWayValue)
Aicmiú bunaithe ar airíonna fisiceacha an naisc bóthair.

7.7.3.4. Céim bhóthair (RoadPartValue)
Léiriú maidir leis an gcéim den bhóthar lena mbaineann luach tomhais.

7.7.3.5. Cineál na Seirbhíse Bóthair (RoadServiceTypeValue)
Cineálacha limistéar seirbhíse bóthair.

7.7.3.6. Catagóir Dhromchla an Bhóthair (RoadSurfaceCategoryValue)
Luachanna chun a léiriú an bhfuil bóthar pábháilte nó nach bhfuil.

7.7.3.7. Saoráid Seirbhíse (ServiceFacilityValue)
Saoráidí seirbhíse féideartha atá ar fáil ag limistéar seirbhíse bóthair.

7.7.3.8. Foinse Luasteorann (SpeedLimitSourceValue)
Foinsí féideartha le haghaidh luasteorainneacha.

7.7.3.9. Cineál Feithicle (VehicleTypeValue)
Cineálacha féideartha feithiclí.

7.7.3.10. Dálaí Aimsire (WeatherConditionValue)

Luachanna chun dálaí aimsire a mbíonn tionchar aici ar luasteorainneacha a léiriú.

7.7.3.11 Aicme an Bhóthair Fheidhmiúil (FunctionalRoadClassValue)

Luachanna i ndáil le haicmiú an bhóthair fheidhmiúil. Tá an t-aicmiú sin bunaithe ar an tábhacht a bhaineann le ról an bhóthair sa ghréasán bóithre.

7.7.3.12. Íoslíon nó Uaslíon Lána (MinMaxLaneValue)

Luachanna chun a chur in iúl an gcomhairtear líon na lánaí mar an t-uaslíon, an t-íoslíon nó an meánlíon.

7.7.3.13. Cineál Luasteorann (SpeedLimitMinMaxValue)

Luachanna féideartha chun an sórt luasteorann a léiriú.';

(19) i Roinn 7.8.1.13, sa dara fomhír, scriostar an abairt 'Is cineál teibí é seo.';

(20) Scriostar Roinn 7.8.2;

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 7.8(3):

'7.8.3. *Liostaí Cód*

7.8.3.1. Úsáid Bád Farantóireachta (FerryUseValue)

Cineálacha iompair a dhéanann bád farantóireachta.

7.8.3.2. Foirm an Nóid Uiscebhealaigh (FormOfWaterwayNodeValue)

Feidhm an Nóid Uiscebhealaigh sa ghréasán iompair uisce.

7.8.3.3. Aicme CEMT (CEMTClassValue)

Aicmiú na n-uiscebhealaí intíre de réir Rún Uimh. 92/2 ó CEMT (Comhdháil Eorpach na nAirí Iompair).';

(22) i Roinn 8.3.1.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad tábla: '

'Aitreabúid	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
geographicalName	Ainm geografach a úsáidtear chun oibiacht hidreagrafach a shainaithint sa saol réadúil. Soláthraíonn sé 'eochairmhír' chun ionadaíochtaí éagsúla na hoibiachta a chomhcheangal go hintuigthe.	GeographicalName	voidable
hydroId	Aitheantóir a úsáidtear chun oibiacht hidreagrafach a shainaithint sa saol réadúil. Soláthraíonn sé 'eochairmhír' chun ionadaíochtaí éagsúla na hoibiachta a chomhcheangal go hintuigthe.	HydroIdentifier	voidable';

(23) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 8.4.2:

'8.4.2. *Liostaí Cód*

8.4.2.1. Catagóir Hidreanóid (HydroNodeCategoryValue)

Lena sainítear catagóirí le haghaidh cineálacha éagsúla nód gréasáin hidreagrafach.';

(24) i Roinn 8.5.1.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad tábla:

'Aitreabúid	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
limistéar	Méid limistéar an imchuach draenála.	Limistéar	voidable
basinOrder	Uimhir (nó cód) lena gcuirtear in iúl an méid brainseálta/deighilte i gcóras imchuach draenála.	HydroOrderCode	voidable
beginLifespanVersion	An dáta agus an t-am a cuireadh isteach an leagan sin den oibiacht spásúil nó a athraíodh é sa tacar sonraí spásúla.	DateTime	voidable
endLifespanVersion	An dáta agus an t-am a cuireadh leagan eile in ionad leagan na hoibiachta spásúla sin nó a athraíodh é sa tacar sonraí spásúla.	DateTime	voidable
geoiméadracht	Geoiméadracht an imchuach draenála, mar dhromchla.	GM_Object	
inspireId	Aitheantóir oibiachta seachtrach na hoibiachta spásúla.	Aitheantóir	
bunús	Bunús an imchuacha draenála.	OriginValue	Voidable';

(25) i Roinn 8.5.1.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh:

'Srianta a bhaineann le cineál na hoibiachta spásúla DrainageBasin

Ní fhéadfar abhantrach a bheith in abhantrach ar bith eile.

Ní mór an aitreabúid gheoiméadrachta a bheith de chineál GM_Surface nó GM_MultiSurface.';

(26) Scriostar Roinn 8.5.3;

(27) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 8.5(4):

'8.5.4. *Liostaí Cód*

8.5.4.1. Cineál an Chrosbhealaigh (CrossingTypeValue)

Cineálacha crosbhealach sruthchúrsa fisiciúil de dhéanamh an duine.

8.5.4.2. Marthanacht Hidreolaíoch (HydrologicalPersistenceValue)

Catagóirí de mharthanacht hidreolaíoch dobharlaigh.

8.5.4.4. Cineál Cladaigh (ShoreTypeValue)

Catagóirí de chomhdhéanamh limistéar cladaigh.

8.5.4.5. Leibhéal Uisce (WaterLevelValue)

An tagra taoide/leibhéal uisce lena ndéantar tagairt do dhoimhneachtaí agus d'airde.

8.5.4.6. Bunús (OriginValue)

Liosta cód lena sonraítear tacar catagóirí hidreagrafacha 'bunús' (nádúrtha, de dhéanamh an duine) le haghaidh oibiachtaí hidreagrafacha éagsúla.';

(28) i Roinn 9.1.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad tábla: '

'Aitreabúid	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
geoiméadracht	An gheoiméadracht lena sainítear teorainn an tSuímh faoi Chosaint.	GM_Object	

inspireId	Aitheantóir oibiachta seachtrach na hoibiachta spásúla.	Aitheantóir	
siteDesignation	Ainmniú (cineál ainmniúcháin) an tSuímh faoi Chosaint.	DesignationType	voidable
siteName	Ainm an tSuímh faoi Chosaint.	GeographicalName	voidable
siteProtectionClassification	Aicmiú an tSuímh faoi Chosaint chun críche cosanta.	ProtectionClassificationValue	voidable
thematicId	Aitheantóir na hOibiachta Téamaí.	ThematicIdentifier	Voidable‘;

(29) i Roinn 9.2.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla: ‘

‘Aitreabúid	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
ainmniú	Ainmniú iarbhír an tSuímh.	DesignationValue	
designationScheme	An scéim as a dtagann an cód ainmniúcháin.	DesignationSchemeValue	
percentageUnderDesignation	Céatadán an tsuímh a thagann faoin ainmniú. Úsáidtear sin go háirithe chun IUCN a rangú.	Deachúil	
legalFoundationDate	An dáta a cruthaíodh an suíomh faoi chosaint. Is é sin an dáta a cruthaíodh an fíoroibiacht, ní an dáta a cruthaíodh a léiriú i gcóras faisnéise.	Dáta	voidable
legalFoundationDocument	URL nó lua téacs lena ndéantar tagairt don ghníomh dlí a chruthaigh an Suíomh faoi Chosaint.	‘CI_Citation’	Voidable‘.

(30) Scriostar Roinn 9.3;

(31) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 9.4:

‘9.4. **Liostaí Cód**

9.4.1. *Scéim Ainmniúcháin (DesignationSchemeValue)*

An scéim a úsáidtear chun ainmniú a shannadh do na Suíomhanna faoi Chosaint.

Féadfaidh na Ballstáit an liosta cód sin a leathnú.

9.4.2. *Ainmniú (DesignationValue)*

Cineálacha aicmiúcháin agus ainmniúcháin faoi scéimeanna éagsúla.

Cuimsítear leis an liosta cód luachanna na liostaí cód a shonraítear i Ranna 9.4.3-9.4.8 nó liostaí cód eile arna sainmhíniú ag soláthraithe sonraí.

9.4.3. *Ainmniú IUCN (IUCNDesignationValue)*

Liosta cód le haghaidh scéim aicmiúcháin an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra agus Acmhainní Nádúrtha.

9.4.4. *Ainmniú Taifead na Séadchomharthaí Náisiúnta (NationalMonumentsRecordDesignationValue)*

Liosta cód le haghaidh na scéime aicmiúcháin um Thaifead na Séadchomharthaí Náisiúnta.

9.4.5. *Ainmniú Natura2000 (Natura2000DesignationValue)*

Liosta cód le haghaidh scéim ainmniúcháin Natura2000, i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle (*) (an Treoir maidir le Gnáthóga).

9.4.6. *Ainmniú Ramsar (RamsarDesignationValue)*

Liosta cód le haghaidh scéim ainmniúcháin an Choinbhinsiúin maidir le Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo (Coinbhinsiún Ramsar).

9.4.7. *Ainmniú Chlár Unesco an Duine agus an Bhithsféir (UNESCOManAndBiosphereProgrammeDesignationValue)*

Liosta cód le haghaidh scéim aicmiúcháin Chlár an Duine agus an Bhithsféir.

9.4.8. *Ainmniú Oidhreachta Domhanda de chuid Unesco*

Liosta cód le haghaidh scéim ainmniúcháin um Oidhreacht Dhomhanda.

9.4.9. *Aicmiú Cosanta (ProtectionClassificationValue)*

Aicmiú an tsuímh faoi chosaint bunaithe ar chuspóir na cosanta.';

_____

(*) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 1.3(1):

'1.3.1. *Liostaí Cód*

1.3.1.1. Cineál an Airí Ingearchló (ElevationPropertyTypeValue)

Cineál an liosta cód lena gcinntear an t-airí ingearchló a tomhaiseadh nó a ríomhadh.

1.3.1.2. Cineál Dromchla (SurfaceTypeValue)

Cineál an liosta cód lena gcinntear an dromchla ingearchló maidir lena ghreamú coibhneasta de dhromchla lom an Domhain.';

(2) Scriostar Roinn 1.5.3;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 1.5(4):

'1.5.4. *Liostaí Cód*

1.5.4.1. Cineál na Líne Bristí (BreakLineTypeValue)

Liosta de na luachanna cineálacha féideartha le haghaidh línte bristeacha atá bunaithe ar shaintréithe fisiceacha na líne bristí [sa dromchla ingearchló].

1.5.4.2. Aicmiú Pointe Ingearchló (SpotElevationClassValue)

Luachanna aicmiúcháin féideartha le haghaidh ingearchlónna spota bunaithe ar an tsonraíocht LAS a choimeádann an Cumann Meiriceánach do fhótaiméadracht agus Cianbhraiteacht (ASPRS).

1.5.4.3. Cineál Pointe Ingearchló (SpotElevationTypeValue)

Luachanna féideartha le haghaidh spotphointí ingearchló lena dtugtar tuairisc ar uathachas an dromchla.

1.5.4.4. Cineál na Líne Comhriain (ContourLineTypeValue)

Liosta de chatagóirí féideartha na gcomhrianta atá bunaithe ar pharaiméadar cothromais an tacair sonraí.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 2.3(2):

'2.3.2. *Liostaí Cód*

2.3.2.1. Aicme Clúdaigh Talún (LandCoverClassValue)

Liosta cód nó aicmiú clúdaigh talún.';

(5) i Roinn 2.4.1.2, cuirtear isteach an tábla seo a leanas: '

"**Róil chomhlachais a bhaineann le cineál na hoibiachta spásúil LandCoverUnit**

Ról Comhlachais	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
dataset	Tacar sonraí an Chlúdaigh Talún lena mbaineann oibiacht an Chlúdaigh Talún sin.	LandCoverDataset';	

(6) i Roinn 2.6, sa chéad abairt, cuirtear na focail 'aitreabúid Tuairisce sheachtrach' in ionad na bhfocal 'aitreabúid Tuairisce ar líne'.

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 3.4:

'3.4. **Liostaí Cód**

3.4.1. *Modh Idirshuímh (InterpolationMethodValue)*

Liosta de na cóid lena sainaithnítear na modhanna idirshuímh a d'fhéadfaí a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar chumhdaigh orta-íomhá.';

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 4.2(3):

'4.2.3. *Liostaí Cód*

4.2.3.1. Cineál na Gné Geomoirfeolaíche Antrapaiginí (AnthropogenicGeomorphologicFeatureTypeValue)
Cineálacha gnéithe geomoirfeolaíocha antrapaigineacha.

4.2.3.2. Feidhm an Tollphoill (BoreholePurposeValue)
Na críocha a ndearnadh tollaphoill a dhruileáil ina leith.

4.2.3.3. Cineál Bailithe (CollectionTypeValue)
Cineálacha bailithe d'oibiachtaí geolaíocha agus geoifisiceacha.

4.2.3.4. Róil na Coda Comhdhéanaimh (CompositionPartRoleValue)
Róil a imríonn páirt chomhdhéanaimh in aonad geolaíoch.

4.2.3.5. Timpeallacht an Teagmhais (EventEnvironmentValue)
Téarmaí le haghaidh na dtimpeallachtaí geolaíocha ina dtarlaíonn teagmhais gheolaíocha.

4.2.3.6. Próiseas Teagmhais (EventProcessValue)
Téarmaí lena sonraítear an próiseas nó na próisis a tharla i rith teagmhais.

4.2.3.7. Cineál Lochta (FaultTypeValue)
Téarmaí lena dtugtar tuairisc ar an gcineál struchtúir díláithrithe fiaigh.

4.2.3.8. Cineál na Próifíle Fillte (FoldProfileTypeValue)
Téarmaí lena sonraítear an cineál fillte.

4.2.3.9. Ré Gheochroineolaíoch (GeochronologicEraValue)
Téarmaí lena sonraítear aonaid ama gheolaíocha aitheanta.

4.2.3.10. Cineál an Aonaid Gheolaíoch (GeologicUnitTypeValue)
Téarmaí lena dtugtar tuairisc ar chineál an aonaid gheolaíoch.

4.2.3.11. Gníomhaíocht Gheomoirfeolaíoch (GeomorphologicActivityValue)
Téarmaí lena léirítear leibhéal gníomhaíochta na gné geomoirfeolaíche.

4.2.3.12. Liteolaíocht (LithologyValue)
Téarmaí lena dtugtar tuairisc ar an liteolaíocht.

4.2.3.13. Fráma Mapála (MappingFrameValue)
Téarmaí lena léirítear an dromchla ar a bhfuil an MappedFeature teilgthe.

4.2.3.14. Cineál na Gné Geomoirfeolaíche Nádúrtha (NaturalGeomorphologicFeatureTypeValue)
Téarmaí lena dtugtar tuairisc ar chineál na gné geomoirfeolaíche nádúrtha.

4.2.3.15. Aicme Théamach (ThematicClassValue)
Luachanna maidir le gnéithe geolaíocha a aicmiú de réir téama.

4.2.3.16. Aicmiú Téamach (ThematicClassificationValue)
Liosta aicmiúchán téamach le haghaidh gnéithe geolaíocha.';

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 4.3(2):

'4.3.2. *Liostaí Cód*

4.3.2.1. Cineál an Fheachtais (CampaignTypeValue)
Cineál an fheachtais gheoifisicigh.

4.3.2.2. Ainm an Ghréasáin (NetworkNameValue)
Ainm an ghréasáin gheoifisicigh.

4.3.2.3. Cineál Ardáin (PlatformTypeValue)
Ardán ar a ndearnadh fáil sonraí.

4.3.2.4. Cineál Próifíle (ProfileTypeValue)
Cineál na próifíle geofisicí.

4.3.2.5. Grád an Stáisiúin (StationRankValue)
Grád an stáisiúin gheoifisicigh.

4.3.2.6. Cineál an Stáisiúin (StationTypeValue)
Cineál an stáisiúin gheoifisicigh.

4.3.2.7. Cineál an tSuirbhé (SurveyTypeValue)
An cineál suirbhé gheoifisicigh nó tacair sonraí.

4.3.2.8. Cineál na Sraithe (SwathTypeValue)
Cineál na sraithe geoifisicí.';

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 4.4(3):

'4.4.3. *Liostaí Cód*

4.4.3.1. Cineál an Tobair Ghníomhaigh (ActiveWellTypeValue)
Cineálacha na dtobar gníomhach.

4.4.3.2. Cineál an Mheáin Uiscíoch (AquiferMediaTypeValue)
Luachanna lena dtugtar tuairisc ar thréithe an mheáin uiscíoch.

4.4.3.3. Cineál an Uiscígh (AquiferTypeValue)
Cineálacha na n-uiscíoch.

4.4.3.4. Bail an Screamhuisce (ConditionOfGroundwaterValue)
Luachanna lena léirítear an neasmhéid athraithe a tharla ar staid nádúrtha an screamhuisce.

4.4.3.5. Cineál na Carraige Hidreageoiceimicí (HydroGeochemicalRockTypeValue)
Luachanna lena dtugtar tuairisc ar bhail hidreageoiceimiceach na timpeallachta screamhuisce.

4.4.3.6. Cineál na hOibiachta Nádúrtha (NaturalObjectTypeValue)
Cineálacha oibiachtaí nádúrtha hidrigeolaíocha.

4.4.3.7. Cineál Cóid Stádais (StatusCodeTypeValue)
Luachanna lena dtugtar tuairisc ar stádas oibiachtaí hidrigeolaíocha de dhéanamh an duine.

4.4.3.8. Marthanacht Uisce (WaterPersistenceValue)
Cineálacha marthanachta hidreolaíche uisce.

4.4.3.9. Salandacht Uisce (WaterSalinityValue)
Liosta cód lena léirítear aicmí salandachta san uisce.';

IARSCRÍBHINN IV

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 mar a leanas:

(1) i Roinn 1.3.1, san fhoclaíocht tosaigh, cuirtear na focail 'An Pacáiste 'Veicteoir maidir le hAonaid Staidrimh" in ionad na bhfocal 'An pacáiste 'Veicteoir'.

(2) i Roinn 1.3.1.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad tábla:

"Aitreabúid	Sainmhíniú	Cineál	Voidability
inspireId	Aitheantóir oibiachta seachtrach na hoibiachta spásúla.	Aitheantóir	
thematicId	Aitheantóir uathúil tuairisciúil oibiachta a chuirtear i bhfeidhm maidir le hoibiachtaí spásúla i dtéama sainmhínithe faisnéise.	ThematicIdentifier	
tír	Cód na tíre lena mbaineann an oibiacht.	CountryCode	
geographicalName	Ainmneacha geografacha féideartha na hoibiachta.	GeographicalName	
statisticalUnitType	Cineál an aonaid chríochaigh a úsáidtear chun críocha scaipthe.	StatisticalUnitTypeValue	
validityPeriod	An tréimhse inar cheart an t-aonad staidrimh a úsáid mar thosaíocht seachas an tréimhse nár cheart é a úsáid.	TM_Period	
referencePeriod	An tréimhse ina bhfuil na sonraí ceaptha léargas a thabhairt ar an deighilt chríochach in aonaid staidrimh.	TM_Period	
beginLifespanVersion	An dáta agus an t-am a cuireadh isteach an leagan sin den oibiacht spásúil nó a athraíodh é sa tacar sonraí spásúla.	DateTime	voidable
endLifespanVersion	An dáta agus an t-am a cuireadh leagan eile in ionad leagan na hoibiachta spásúla sin nó a athraíodh é sa tacar sonraí spásúla.	DateTime	Voidable"

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 1.3(3):

'1.3.3. *Liostaí Cód*

1.3.3.1. Cineál Geoiméadrachta (GeometryTypeValue)

Luachanna cóid le haghaidh na gcineálacha geoiméadrachta.

1.3.3.2. Cineál na hÉabhlóide (EvolutionTypeValue)

Luachanna cóid le haghaidh na gcineálacha éabhlóide.

1.3.3.3. Cineál an Aonaid Staidrimh (StatisticalUnitTypeValue)

Luachanna cóid le haghaidh na gcineálacha aonaid staidrimh.';

(4) i Roinn 1.4.1.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs uile i ndiaidh an dara tábla:

'**Srianta a bhaineann le cineál na hoibiachta spásúla StatisticalGridCell**

Beidh suíomh na cille laistigh den ghreille, de réir a leithead agus a airde.

Cuirfear ceann amháin ar a laghad de na cóid aitreabúide geographicalPosition, gridPosition nó geometry ar fáil.

I gcás ina gcuirtear roinnt léirithe spásúla ar fáil (code, geographicalPosition, gridPosition agus geometry), beidh siad comhsheasmhach.

Is éard a bheidh sa chód:

(1) cód tíre dhá litir mar a shainmhínítear sa Treoir Stíle Idirinstitiúideach a d'fhoilsigh Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh;

(2) cuid den chóras tagartha comhordanáide, arna léiriú ag an bhfocal CRS, agus an cód EPSG ina dhiaidh sin;

(3) cuid réitigh agus suímh:

— Má réamh-mheastar an córas tagartha comhordanáide, an focal RES agus taifeach na greille i méadair agus an litir m ina dhiaidh sin. An litir N ansin agus an luach tuaidhlíne i méadair ina dhiaidh sin, agus an litir E agus an luach soirlíne i méadair ina dhiaidh sin.

— Mura réamh-mheastar an córas tagartha comhordanáide, an focal RES agus taifeach na greille sa soicind-nóiméad-céim, agus an focal dms ina dhiaidh sin. An focal LON ansin agus ina dhiaidh sin an luach domhanfhaid sa soicind-nóiméad-céim agus an focal LAT, ina dhiaidh sin an luach domhanleithid sa soicind-nóiméad-céim.

Sa dá chás sin, is ionann an suíomh atá i gceist agus suíomh chúinne íochtair na gceall ar chlé.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 1.5:

'1.5. **Ceanglais a bhaineann go sonrach leis an téama**

(1) Cuirfear geoiméadracht na n-aonad staidrimh a gcuirtear sonraí staidrimh ar fáil ina leith faoi INSPIRE ar fáil freisin. Baineann an ceanglas sin le téamaí INSPIRE lena ndéantar tagairt d'aonaid staidrimh.

